



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

Tuairim Uimh. 1/2020

(de bhun Airteagal 322(1)(a), CFAE)

maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialacháin maidir le forálacha idirthréimhseacha a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta sa bhliain 2021

(COM(2019) 581 críochnaitheach)

Clár Ábhar

	Mír
Réamhrá	01-06
Cuid I: Barúlacha ginearálta	07-11
Ré na hidirthréimhse	07-09
Leithdháileadh maoinithe	10-11
Cuid II: Barúlacha sonracha	12-25
Leathnú ar chláir forbartha tuaithe	12-16
Oibleagáidí ilbhliantúla	17
Moill mholta ar mheastóireacht 2014-2020	18-20
Teidlíochtaí íocaíochta	21-22
Cúlchiste géarchéime	23
Scéimeanna cúnaimh earnála	24-25
Conclúid	26-27
Iarscríbhinn	

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 287(4) agus Airteagal 322 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe don Chomhbheartas Talmhaíochta sa bhliain 2021¹ ('an rialachán idirthréimhseach atá molta'),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le smacht airgeadais amhail ón mbliain airgeadais 2021 agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le solúbthacht idir cholúin maidir le bliain féilire 2020² ('an rialachán leasaitheach'),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir le tacaíocht do na Ballstáit pleananna straitéiseacha a dhréachtú faoin gComhbheartas Talmhaíochta³ ('rialachán an phlean straitéisigh CBT'),

¹ COM(2019) 581 críochnaitheach: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bliain 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le hacmhainní agus a ndáileadh i leith na bliana 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh.1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 maidir lena n-acmhainní agus lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2021.

² IO L 27, 31.1.2020, lch. 1.

³ COM(2018) 392: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a dhréachtóidh na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle .

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air⁴ ('an rialachán cothrománach'),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 251/2014, (AE) Uimh. 228/2013 agus (AE) Uimh. 229/2013⁵,

Ag féachaint do thuarascálacha bliantúla agus speisialta agus do thuairim na Cúirte Iníúcháirí Uimh. 7/2018 maidir le tograí ón gCoimisiún maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta don tréimhse tar éis 2020⁶,

Ag féachaint don iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Samhain 2019 chun tuairim a fháil ar an togra thuasluaite le haghaidh rialacháin idirthréimhsigh⁷,

TAR ÉIS AN TUAIRIM A LEANAS A GHLACADH:

⁴ COM(2018) 393: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

⁵ COM(2018) 394: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta talmhaíochta táirgí agus earraí bia, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach beag.

⁶ Tuairim Uimh. 7/2018 maidir le tograí ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta don tréimhse tar éis 2020. (IO C 41, 1. 2. 2019, lch. 1).

⁷ Litir thag. A/114858 (D 202112 27.11.2019) ó Leas-Ardrúnaí Pharlaimint na hEorpa.

Réamhrá

01 Tograí reachtacha an Choimisiúin⁸ maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) tar éis 2020, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2018, áiríodh múnla seachadta nua don bheartas, a bhfuil sé i gceist go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún aistriú ó shamhail atá bunaithe ar chomhlíontacht atá go samhail atá bunaithe ar fheidhmíocht don CBT, bunaithe ar phleananna straitéiseacha a dhréachtóidh na Ballstáit.

02 I mí na Samhna 2018, d'fhoilsíomar tuairim⁹ maidir le tograí reachtacha CBT tar éis-2020 ón gCoimisiún. Sa tuairim sin, rinneamar anailís ar cé chomh maith agus a bhí na tograí ag plé le riachtanais bheartais, cuspóirí, ionchuir agus torthaí beartais. Tháinig muid ar an gconclúid nach bhfuil na cuspóirí beartais nasctha go soiléir leis na hidirghabhálacha ná lena n-aschuir, lena dtorthaí ná lena dtionchair. Fuaireamar amach nach léiríonn leithdháileadh cistí an breisluach a bhfuiltear ag súil leis ón AE. Ar an iomlán, ní théann an t-athchóiriú atá beartaithe do CBT chomh fada le huailmhianta an Aontais Eorpaigh maidir le cur chuige bunaithe ar fheidhmíocht níos glaise agus níos láidre. Áirítear leis an athchóiriú atá molta uirlisí chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide, ach níl na cuspóirí sin sainithe go soiléir, ná ní dhéantar iad a aistriú ina spriocanna cainníochtaithe. Thugamar faoi deara nach mbeadh an Coimisiún in ann a mhéid a sháraigh na híocaíochtaí do thairbhíthe deiridh na rialacha a chainníochtú a thuilleadh. Tháinig muid ar an gconclúid freisin go ndéanann sé níos deacra cur chuige aonair iniúchta a chur i bhfeidhm leis an togra, go háirithe mar gheall ar ról athraithe na gcomhlachtaí deimhniúcháin, go príomha maidir le comhlíonadh a sheiceáil, agus dá bhrí sin chun ualaí rialaithe a laghdú.

03 De réir thograí reachtacha CBT tar éis 2020, bheadh ar na Ballstáit a bpleananna straitéiseacha CBT a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2020 ar a dhéanaí. Ansin dhéanfaidh an Coimisiún measúnú agus faomhadh ar na pleananna. Amhail ó mhí Feabhra 2020, níor aontaigh na reachtóirí na tograí reachtacha sin.

⁸ COM(2018) 392 críochnaitheach - 2018/0216 (COD); COM(2018) 393 críochnaitheach - 2018/0217 (COD); COM(2018) 394 críochnaitheach/2.
<https://ec.europa.eu/commission/publications/natural-resources-and-environment>.

⁹ Tuairim Uimh. 7/2018 maidir le tograí ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta don tréimhse tar éis 2020. (IO C 41, 1. 2. 2019, lch. 1).

04 Mar gheall ar an moill ar ghlacadh na rialacha don CBT tar éis 2020, an 31 Deireadh Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá thogra reachtacha maidir le CBT in 2021. Cheadaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle ceann de na rialacháin mholta sin i mí Eanáir 2020¹⁰. Is é an dara togra, maidir le rialachán idirthréimhseach, ábhar na tuairime seo. Leagtar amach ann forálacha idirthréimhseacha maidir le tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021.

05 Tá rialachán idirthréimhseach molta ón gCoimisiún bunaithe ar thoimhde go gcuirfear moill bliain amháin ar thabhairt isteach CBT nua. Áirítear leis an rialachán atá molta forálacha idirthréimhseacha (Teideal I), leasuithe ar an reachtaíocht reatha (Teideal II), forálacha maidir le teacht i bhfeidhm (Teideal III), agus iarscríbhinní ina léirítear méid na tacaíochta ón Aontas in 2021.

06 Áirítear sa doiciméad seo breathnuithe ginearálta (Cuid I), barúlacha sonracha (Cuid II) agus liosta de na moltaí dréachtaithe (Iarscríbhinn). Ba iad ár bpríomhchritéir chun anailís a dhéanamh ar an rialachán idirthréimhseach atá molta ná soiléireacht an chreata dlí agus an stuamacht bhuiséadach. Inár n-anailís, déanaimid measúnú freisin ar na himpleachtaí don CBT tar éis 2020.

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 2020/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le smacht airgeadais amhail ón mbliain airgeadais 2021 agus ó Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le solúbthacht idir cholúin i leith na bliana féilire 2020, IO L 27, 31.1.2020, lch. 1.

Cuid I: Barúlacha ginearálta

Ré na hidirthréimhse

07 Tugaimid faoi deara go bhfuil sé mar aidhm ag an rialachán idirthréimhseach atá molta cinnteacht agus leanúnachas a thabhairt maidir le tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí AE, agus d'fhorbairt tuaithe san idirthréimhse do na Ballstáit sin ar dóigh dóibh na cistí go léir a úsáid roimh dheireadh 2021, tríd an gcreat reachtach reatha a leathnú go dtí go dtiocfaidh CBT nua i bhfeidhm. Cuimsítear leis an rialachán idirthréimhseach atá molta forálacha a chlúdaíonn an t-aistriú ón tréimhse reatha CBT go dtí an chéad cheann eile.

08 Tagraíonn na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i dTeideal I den rialachán idirthréimhseach molta ón gCoimisiún dá thograí reachtacha maidir le CBT tar éis 2020¹¹, atá nasctha go dlúth le creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) an Aontais do na blianta 2021 go 2027¹². Ag deireadh mhí Feabhra 2020, áfach, níl glactha ag na reachtóirí le CAI 2021-2027 fós, ná leis na tograí reachtacha maidir le CBT tar éis 2020. Measaimid nár cheart forálacha idirthréimhseacha, i bprionsabal, a bheith bunaithe ar an toimhde go gceadófar rialacháin amach anseo mar a moladh iad¹³.

09 Tarraingimid aird ar an idirthréimhse de bhliain amháin atá molta. Ag cur san áireamh an dul chun cinn atá déanta sa phlé idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa maidir le CAI 2021-2027 agus CBT tar éis 2020, na córais athbhreithnithe bainistíochta agus rialaithe a bhunú chun an creat dlíthiúil nua agus pleananna straitéiseacha CBT a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022 d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach. Den pháirt eile, tá sé tábhachtach tús a chur le feabhsúcháin ar CBT a sheachadadh go tapa.

Leithdháileadh na gcistí

10 De réir mheabhrán míniúcháin an rialacháin idirthréimhsigh atá molta, tá na leithdháiltí airgeadais atá sa togra 'cothrom leis na leithdháiltí i dtogra an Phlean CBT

¹¹ COM(2018) 392 críochnaitheach - 2018/0216 (COD); COM(2018) 393 críochnaitheach - 2018/0217 (COD); COM(2018) 394 críochnaitheach/2.

¹² COM(2018) 322, COM(2018) 375.

¹³ Baineann sé sin le hAirteagail 1, 4 agus 6-8 den rialachán idirthréimhseach atá molta.

agus tá siad comhleanúnach le togra an Choimisiúin maidir le CAI 2021-2027'. Dá bhrí sin, tá na leithdháiltí airgeadais laistigh de theorainneacha CAI 2014-2020, ach beidh siad faoi réir tuilleadh leasaithe má aontaíonn na reachtóirí CAI 2021-2027 le méideanna éagsúla ná iad siúd atá molta faoi láthair.

11 I gcomhréir le hAirteagal 312(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mura sroichtear comhaontú maidir le CAI 2021-2027 faoi dheireadh 2020, bheadh uasteorainneacha 2020 infheidhme in 2021. Tá na huasteorainneacha do leithdháiltí CBT do 2020 níos airde ná na huasteorainneacha atá beartaithe do 2021 sa CAI 2021-2027 agus i rialachán pleanála straitéisí CBT¹⁴. Ag an am céanna, sa rialachán leasaitheach¹⁵ a glacadh in Eanáir 2020, áirítear smacht airgeadais ann don CERT, a chinntíonn nach mbeidh an uasteorainn bhliantúil do chaiteachas CERT in 2021 níos airde ná an uasteorainn i CAI 2021-2027 nuair a chomhaontófar CAI.

¹⁴ Tuairim Uimh. 7/2018: maidir le tograí ón gCoimisiún maidir le rialacháin a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta don tréimhse tar éis 2020, mír 24.

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 2020/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le smacht airgeadais amhail ón mbliain airgeadais 2021 agus ó Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le solúbthacht idir cholúin i leith na bliana féilire 2020, IO L 27, 31.1.2020, lch. 1.

Cuid II: Barúlacha sonracha


Leathnú ar chláir forbartha tuaithe

12 In Airteagal 1 dá rialachán idirthréimhseach atá molta, tugann an Coimisiún rogha do na Ballstáit:

- o a gcláir forbartha tuaithe arna gcómhaoiniú ag CETFT, nó cuid dá gcláir forbartha tuaithe réigiúnacha, a leathnú go dtí an 31 Nollaig 2021, agus na cláir leathnaithe sin a mhaoiniú ón leithdháileadh buiséid comhfhreagrach don bhliain 2021, le srianta áirithe (féach mír **15**); nó
- o chun leas a bhaint as Airteagal 8 de dhréacht-Rialachán CAI chun leithdháileadh buiséid CETFT le haghaidh 2021 nó an chuid de leithdháileadh buiséid CETFT a fhreagraíonn do na cláir réigiúnacha forbartha tuaithe nár leathnaíodh a aistriú chuig na leithdháiltí airgeadais do na blianta 2022 go 2025 .

13 Braitheann impleachtaí na rialacha idirthréimhseacha ar chaiteachas CETFT ar chinntí na mBallstát maidir le cé acu a gcláir a leathnú, agus dá bhrí sin tá siad éiginnte faoi láthair. Bunaithe ar úsáid na mBallstát de thacaíocht CETFT go dtí deireadh 2019 (féach **Figure 1**), is féidir a bheith ag súil nach n-úsáidfeadh ach cuid bheag de na Ballstáit Airteagal 1(1) den rialachán idirthréimhseach atá molta agus go n-úsáidfidís a leithdháileadh buiséid don bhliain 2021. Ag deireadh 2020, táthar ag súil go mbeidh cistí nach bhfuil caite don tréimhse chláráithe reatha idir níos lú ná 10 % don Fhionlainn agus d'Éirinn go beagnach 50% don Ísiltír.

Fíor 1 – Úsáid na mBallstát de chistí CETFT le haghaidh 2014-2020



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin.

14 Foráiltear le hAirteagal 1(1) den rialachán idirthréimhseach atá molta go bhféadfadh an Coimisiún a mheas nach bhfuil bonn cirt le leathnú cláir ag Ballstát. Mar sin féin, ní mhínítear sa rialachán idirthréimhseach atá molta cén bunús a mheasfadh an Coimisiún nach mbeadh bonn cirt le leathnú.

15 De réir Airteagal 1(1) den rialachán idirthréimhseach atá molta, i gcás ina roghnaíonn Ballstát a chlár forbartha tuaithe nó cuid dá chlár forbartha tuaithe réigiúnacha a fhadú bliain amháin, ‘beidh sé mar aidhm’ ag na cláir leathnaithe an méid céanna ar a laghad d’uailmhian maidir leis an timpeallacht agus an aeráid a chothabháil mar atá sna rialacha reatha¹⁶. Úsáidtear sa rialachán idirthréimhseach atá molta foclaíocht nach bhfuil chomh dian leis an gcreat reatha, ina n-éilítear go ndéanfar ‘30 % ar a laghad de ranníocaíocht iomlán CETFT (...) a fhorchoimeád’ do na bearta sin. D’fhéadfaí glacadh leis go gciallaíonn sé sin go bhféadfadh na cláir, a bhfuil

¹⁶ Airteagal 1(1), an ceathrú fomhír: ‘Is é is aidhm do leasú den sórt sin an leibhéal foriomlán céanna de chaiteachas CETFT a chothabháil ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 59(6) den Rialachán sin [1305/2013]’.

os cionn 30 % caite acu ar na bearta liostaithe maidir leis an timpeallacht agus an aeráid, uailmhianta timpeallachta agus aeráide níos ísle a bhaint amach do leithdháileadh 2021. Ba cheart go dtabharfadh aon ‘airgead nua’ a úsáidtear faoi sheanrialacha aghaidh ar bhuarthaí timpeallachta agus aeráide leis an uailmhian chéanna ar a laghad nó le huailmhian níos mó ná mar a bhí ann go dtí anois. Ina theannta sin, ba cheart go léireofaí aon tionchar ar a mhéid a bhaineann caiteachas CBT le saincheistanna athraithe aeráide i dtuairisciú aeráide ón gCoimisiún¹⁷.

16 Tagraíonn an ceathrú fómhír d’Airteagal 1(1) den rialachán idirthréimhseach atá molta do chlár forbartha tuaithe do leasú faoi Airteagal 11(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Tá na spriocdhátaí le haghaidh leasuithe den sórt sin sonraithe in Airteagal 4(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún. Má bhaineann an leasú le ‘hathrú ar ranníocaíocht iomlán an Aontais nó ar a dháileadh bliantúil ar leibhéal an chláir’¹⁸, ba cheart an leasú a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2020 ar a dhéanaí de réir Rialachán (AE) Uimh. 808/2014. Ag brath ar cathain a thiocfaidh an rialachán idirthréimhseach atá molta i bhfeidhm, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an gCoimisiún an spriocdháta le haghaidh na leasuithe sa ghníomh cur chun feidhme a leasú.

Ceangaltais bhliantúla

17 De réir Airteagal 8 den rialachán idirthréimhseach atá molta, d’fhonn teorainn a chur le tabhairt anonn suntasach na ngealltanais ón tréimhse cláraithe reatha d’fhorbairt tuaithe chuig pleananna straitéiseacha CBT, bheadh tréimhse na dtiomantas ilbhliantúil nua teoranta do thréimhse thrí bliana ar a mhéad seachas cúig bliana. Bheadh na Ballstáit in ann na gealltanais níos lú sin a thairiscint do thrí bheart: agra-comhshaol-aeráid, feirmeoireacht orgánach agus leas ainmhithe. Maidir le bearta foraoise-comhshaoil (Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013) bheadh fad na ngealltanais nua cúig bliana nó níos faide fós. Bheadh leathnú na ngealltanais reatha teoranta do bhliain amháin. Trí theorainn a chur le fad na ngealltanais ilbhliantúil, is féidir srian a chur le leibhéal na ngealltanais atá tugtha ar aghaidh, ionas nach gcuirfidís sin brú ar bhuiséid sa toadhchá, cé go bhféadfadh tionchar níos ísle a bheith ag

¹⁷ Féach freisin tuarascáil speisialta CIE 31/2016: ‘Euro amháin ar a laghad as gach cúig euro ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide: obair uailmhianach ar siúl, ach i mbaol tromchúiseach gur lú iad ná mar atá molta’, moltaí 1, 2 agus 6.

¹⁸ Airteagal 11 (a)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

gealltanais agra-comhshaoil-aeráide aon bhliain go trí bliana ná gealltanais chúig bliana go seacht mbliana.

Moill mholta ar mheastóireacht 2014-2020

18 Le hAirteagal 2(4) den rialachán idirthréimhseach atá molta, leathnaítear an dáta deiridh ar cheart don Choimisiún tuarascáil sintéise a ullmhú maidir le meastóireachtaí ex post CETFT go dtí an 31 Nollaig 2026. Ní réitíonn sé sin lenár moltaí roimhe seo¹⁹ maidir le hailíniú CAI leis an timthriall caiteachais iarbhír agus maidir le hathbhreithniú cuimsitheach caiteachais a dhéanamh sula socraítear buiséad fadtéarmach nua. Go deimhin, is fadhbanna ginearálta agus athfhillteacha iad na moilleanna i gcur chun feidhme na gclár faoi CAInna, rud a mhéadaíonn na rioscaí a bhaineann le rófhócas ar ionsú cistí agus ar phleanáil CAI nua sula mbítear ar an eolas faoi thorthaí chaiteachas an Aontais Eorpaigh faoin tréimhse roimhe sin.

19 Is léiriú é ráta ionsúcháin na tacaíochta CETFT don tréimhse 2014-2020 ar an bhfeiniméan sin. *Figure 1* (féach mír **13**) lena léirítear, ag deireadh bhliain leathdhéanach na tréimhse cláraithe reatha, gurb ionann agus 53 % meánráta ionsúcháin an Aontais Eorpaigh maidir le tacaíocht CETFT. Ciallaíonn sé sin, mar atá i dtréimhsí cláraithe roimhe seo, go mbeidh cuid shuntasach den chaiteachas ar siúl sa tréimhse n+3. De réir an togra le haghaidh rialachán CAI 2021-2027²⁰, ba cheart don Choimisiún CAI nua a mholadh in 2025. Mar sin féin, sa bhliain 2025 níl an timthriall meastóireachta maidir le 2014-2020 tugtha chun críche go fóill, rud a mhéadaíonn an bhearnna idir pleanáil CAI agus an mheastóireacht ar chaiteachas a rinneadh i dtréimhsí cláraithe roimhe seo. Ciallaíonn sé go n-ullmhóidh an Coimisiún a thogra don CBT tar éis 2027 gan feidhmíocht CBT 2014-2020 a mheas go hiomlán.

20 Inár dtuarascáil bhliantúil 2018²¹, mhol muid, don tréimhse tar éis 2020, gur cheart don Choimisiún na laigí a d'aithin muid sa chreat feidhmíochta reatha a chur san áireamh, 'chun a chinntiú go ndéanann táscairí toraidh éifeachtaí na ngníomhartha a

¹⁹ Tuarascáil speisialta Uimh. 16/2017: 'Clársceidealú um Fhorbairt Tuaithe: níos lú castachta agus níos mó béime ar na torthaí is gá', moladh 6; tuarascáil speisialta 36/2016: 'Measúnú ar na socruithe maidir le cláir chomhtháthaithe agus forbartha tuaithe 2007-2013 a dhúnadh', moladh 4.

²⁰ COM(2018) 322, COM(2018) 375.

²¹ Tuarascáil bhliantúil na Cúirte Iníochóirí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid maidir leis an mbliain airgeadais 2018 (IO C 340, 8.10.2019, lch. 1).

thomhas i gceart agus go bhfuil nasc soiléir acu leis na hidirghabhálacha gaolmhara agus leis na cuspóirí beartais'. Inár dtuairim Uimh. 7/2018 maidir leis an togra CBT tar éis 2020, fuaireamar amach nach raibh na táscairí atá molta forbartha go hiomlán agus rinneamar barúlacha sonracha maidir leis na táscairí atá molta²². D'fhéadfaí an t-am breise roimh chur chun feidhme na tréimhse nua CBT a úsáid chun an creat feidhmíochta sa todhchaí a fheabhsú.

Teidlíochtaí íocaíochta

21 Le hAirteagal 19(2) de rialachán an phlean straitéisigh CBT a bheartaítear, tugtar deis do na Ballstáit stop a chur leis an tacaíocht ioncaim bhunúsach a dheonú bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta agus teidlíochtaí íocaíochta a ligean in éag an 31 Nollaig 2020. Sa Mheasúnú Tionchair ar a thograí CAP tar éis 2020²³, mhaígh an Coimisiún go gceadódh imeacht teidlíochtaí íocaíochta laghdú ar an ualach riaracháin. Is é ár dtuairim²⁴, gur mheasamar gur simpliú suntasach é. Cuireann an rialachán idirthréimhseach atá molta an fhéidearthacht sin ar athló, ach moltar in Airteagal 10(4) laghdú líneach nó méadú ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta go léir agus/nó an chúlchiste chun dul in oiriúint don uasteorainn nua don scéim íocaíochta bunúsaí.

22 Ó foilsíodh tograí CBT tar éis 2020, táthar ag díriú níos mó ar íocaíochtaí le feirmeoirí neamhdháiríre a fhaigheann talamh talmhaíochta chun íocaíochtaí CBT a fháil. D'fhéadfadh an Coimisiún agus na reachtóirí an bhliain bhreise a úsáid le measúnú a dhéanamh ar cibé an gá na ceanglais maidir leis na sainmhínithe ar 'fheirmeoir dáiríre', 'heicteár incháilithe' agus 'gníomhaíocht talmhaíochta' íosta sna tograí CBT tar éis-2020 a athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin, lena n-áirítear tríd an mbrí atá le 'talamh ar dhiúscairt an fheirmeora' a shoiléiriú, gan an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí a mhéadú go díreireach.

Cúlchiste géarchéime

23 Dhéanfaidh Airteagal 9 den rialachán idirthréimhseach atá molta an cúlchiste géarchéime reatha agus an sásra smachta airgeadais a bhaineann leis a fhadú bliain amháin. I bhfianaise na dtograí CBT tar éis-2020, tugann sé sin le tuiscint go gcuirfear

²² Tuairim Uimh. 7/2018, mír 70 agus Iarscríbhinn I.

²³ Measúnú tionchair, SWD(2018) 301 críochnaitheach, cuid 3, Ich. 131.

²⁴ Tuairim Uimh. 7/2018, mír 63.

aon mhéid nach n-úsáidtear le haghaidh bearta géarchéime faoi dheireadh na bliana airgeadais 2020 ar ais chuig na feirmeoirí a raibh a n-íocaíocht dhíreach laghdaithe acu faoin sásra smachta airgeadais. Ní chuirfear ar ais chuig na feirmeoirí aon mhéid nach n-úsáidtear le haghaidh bearta géarchéime faoi dheireadh na bliana airgeadais 2021, ós rud é go mbunófaí leis an rialachán cothrománach²⁵ cúlchiste talmhaíochta le tar-rolladh bliantúil an chúlchiste nár úsáideadh.

Scéimeanna cúnaimh earnála

24 Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leagtar síos rialacha maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta. Le hAirteagal 7 den rialachán idirthréimhseach atá molta athraítear ré scéimeanna cabhrach áirithe ar cheart iad a chomhtháthú i bpleananna straitéiseacha CBT na mBallstát amach anseo mar idirghabhálacha earnálacha dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) d’Airteagal 39 de rialachán pleanála straitéisí CBT atá molta.

25 Tugaimid faoi deara go bhfuil rialacha difriúla ann maidir le leathnú na scéimeanna cúnaimh earnála. I gcás na hola olóige agus na n-ológ boird, leanfadh na cláir oibre a bheidh ar siúl go dtí an 31 Márta 2021, go dtí an 31 Nollaig 2021. Bheadh ar na heagraíochtaí táirgeoirí a gcláir oibre a mhodhnú chun an síneadh sin a chur san áireamh agus chun a gcláir oibre mhionathraithe a chur in iúl don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2020. Maidir leis na hearnálacha fíona agus beachadóireachta beidh na cláir thacaíochta reatha ar siúl go dtí a ndeireadh, 15 Deireadh Fómhair 2023 agus 31 Iúil 2022 faoi seach. Dá bhrí sin, ní gá do na hoibreoírí aon ghníomh speisialta a dhéanamh. I gcás clár oibríochtúil in earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí a faomhadh ar feadh tréimhse nach faide ná an 31 Nollaig 2021, bheadh ar an eagraíocht táirgeoirí iarraidh a chur faoi bhráid an Bhallstáit faoin 15 Meán Fómhair 2021 chun an clár oibríochta a mhodhnú nó a athsholáthar. Seachas sin, chríochnódh an clár oibríocháin an 31 Nollaig 2021.

²⁵ In Airteagal 14(2), sa tríú fomhír, den togra le haghaidh rialacháin cothrománaigh (COM(2018) 393) luaitear: ‘Thairis sin, de mhaolú ar phointe (d) d’Airteagal 12(2) den Rialachán Airgeadais, déanfar an méid iomlán nár úsáideadh den chúlchiste géarchéime atá ar fáil ag deireadh na bliana 2020 a thabhairt anonn go dtí an bhliain 2021, gan é a chur ar ais chuig na línte buiséadacha lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 5(2) agus a chuirfear ar fáil do mhaoiniú an chúlchiste talmhaíochta’.

Conclúid

26 Comhlíonann an rialachán idirthréimhseach molta ón gCoimisiún an aidhm leanúint le CBT a mhaoiniú le linn na hidirthréimhse, ar bhonn na méideanna atá leagtha síos i dtograí CBT tar éis 2020. Tugaimid faoi deara go mbíonn tionchar ag an rialachán idirthréimhseach atá molta ar roinnt gnéithe den CBT. Bíonn tionchar ag leathnú na gclár forbartha tuaithe, go háirithe, ar na gealltanais ilbhliantúla ghaolmhara, ar an uailmhian comhshaoil agus aeráide, ar na socruithe meastóireachta agus ar uainiú na leithreasáí íocaíochta.

27 Le glacadh moillithe an chreata reachtaigh tar éis 2020 cuirtear siar bliain ar a laghad cur chun feidhme CBT a d'fhéadfadh a bheith níos uailmhianaí. D'fhéadfadh an Coimisiún agus na reachtóirí an t-am breise a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'ardaigh muid sa tuairim seo agus in áiteanna eile, go háirithe maidir leis na dúshlán aeráide agus comhshaoil atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas, chomh maith leis an ngá a chinntiú go bhfuil córais rialachais láidre ann do CBT amach anseo agus tomhas feidhmíochta a fheabhsú.

Ghlac Seomra I leis an tuairim sin agus an tUas. Nikolaos Milionis mar cheannaire air, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, i Lucsamburg ag a cruinniú an 26 Feabhra 2020.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Klaus-Heiner Lehne
An tUachtarán

Iarscríbhinn

Téacs sa togra	Moltaí CIE
<p><i>Airteagal 1</i> <i>Leathnú na tréimhse do chláir a fhaigheann tacaíocht ó CETFT</i></p> <p>2. [...] I gcás ina gcinneadh Ballstát úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin maidir le cláir réigiúnacha áirithe, is é an leithdháileadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo an méid a leagtar amach don Bhallstát sin le haghaidh 2021 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 lúide na leithdháiltí buiséadacha a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de mhír 2 do na cláir réigiúnacha a leathnaítear.</p>	<p><i>Airteagal 1</i> <i>Leathnú na tréimhse do chláir a fhaigheann tacaíocht ó CETFT</i></p> <p>2. [...] I gcás ina gcinneadh Ballstát úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 1 ach amháin maidir le cláir réigiúnacha áirithe, is é an leithdháileadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo an méid a leagtar amach don Bhallstát sin le haghaidh 2021 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 lúide na leithdháiltí buiséadacha a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir leis an dar gcéad fhomhír de mhír <u>1</u> 2 do na cláir réigiúnacha a leathnaítear.</p>
<p><i>Airteagal 3</i> <i>Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais in 2021</i></p> <p>(c) beidh feidhm ag an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis na gealltanais dhlíthiúla a rinneadh faoi bhearta a chomhfhreagraíonn do tacaíocht a tugadh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) d’Airteagal 21(1) agus Airteagail 28 go 31, 33, 34 agus 40 den Rialachán sin agus saináithnítear na hoibríochtaí ábhartha go soiléir; agus</p>	<p><i>Airteagal 3</i> <i>Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais in 2021</i></p> <p>(c) beidh feidhm ag an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis na gealltanais dhlíthiúla a rinneadh faoi bhearta a chomhfhreagraíonn do tacaíocht a tugadh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) d’Airteagal 21(1) agus Airteagail 28 go 31, 33, 34 agus 40 den Rialachán sin (AE) Uimh. <u>1305/2013</u> agus saináithnítear na hoibríochtaí ábhartha go soiléir; agus</p>
<p><i>Airteagal 8</i> <i>Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh 1305/2013</i></p> <p>(8) in Airteagal 75(1), cuirtear an dara fhomhír a leanas leis: ‘Maidir le cláir a gcinneann Ballstát orthu tréimhse 2014-2020 a leathnú i gcomhréir</p>	<p><i>Airteagal 8</i> <i>Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh 1305/2013</i></p> <p>(8) in Airteagal 75(1), cuirtear an dara fhomhír a leanas leis: ‘Maidir le cláir a gcinneann Ballstát orthu tréimhse 2014-2020 a leathnú i gcomhréir</p>

Téacs sa togra	Moltaí CIE
<p>le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE) [XXXX / XXXX] [An Rialachán seo], cuirfidh an Ballstát sin tuarascáil bhliantúil ar an gcur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin de bhun na chéad fomhíre den mhír seo go dtí an 31 Nollaig 2025.’;</p>	<p>le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE) [XXXX / XXXX] [An Rialachán seo], cuirfidh an Ballstát sin tuarascáil bhliantúil ar an gcur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin de bhun na chéad fomhíre den mhír seo go dtí an 31 Nollaig <u>30 June</u> 2025.’;</p>
<p><i>Airteagal 10</i> <i>Leasuithe ar Rialachán (AE)</i> <i>Uimh. 1307/2013</i></p> <p>(10) in Airteagal 36(1), cuirtear an dara fomhír a leanas isteach: ‘Leanfaidh na Ballstáit a chuireann iarratas isteach in 2020 don scéim íocaíochta aonair de sin a dhéanamh tar éis an 31 Nollaig 2020.’</p>	<p><i>Airteagal 10</i> <i>Leasuithe ar Rialachán (AE)</i> <i>Uimh. 1307/2013</i></p> <p>(10) in Airteagal 36(1), cuirtear an dara <u>tríú</u> fomhír a leanas isteach: ‘Leanfaidh na Ballstáit a chuireann iarratas isteach in 2020 don scéim íocaíochta aonair de sin a dhéanamh tar éis an 31 Nollaig 2020.’</p>